



An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

2020/xxxx(INI)

11.9.2020

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar straitéis Eorpach le haghaidh sonraí
2020/xxxx(INI)

An Coiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

Rapóirtéir: Miapetra Kumpula-Natri

Clár

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA	3
RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN	10
ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPORTEUR HAS RECEIVED INPUT	15

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar straitéis Eorpach le haghaidh sonraí (2020/xxxx(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint d’Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a bhaineann le hiomaíochas thionscal AE agus lena dtagraítear, *inter alia*, do ghníomhaíochtaí atá dírithe ar acmhainneacht thionsclaíoch na nuálaíochta agus na forbartha teicneolaíche a shaothrú ar bhealach níos fearr,
- ag féachaint d’Airteagal 114 CFAE,
- ag féachaint d’Airteagail 2 agus 16 CFAE,
- ag féachaint do Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2020 dar teideal *A European Strategy for Data* [Straitéis Eorpach le haghaidh Sonraí] (COM(2020)0066) agus don tuarascáil chríochnaitheach ón Sainghrúpa Ardleibhéal um Chomhroinnt Sonraí idir Rialtais agus Gnólachtaí dar teideal *Towards a European strategy on business-to-government data sharing for the public interest* [I dtreo straitéis Eorpach maidir le comhroinnt sonraí idir rialtais agus gnólachtaí ar mhaithe le leas an phobail],
- ag féachaint do mheasúnú an Choimisiúin ar thionchar tionscanta an 2 Iúil 2020 dar teideal *Legislative framework of the governance of common European data spaces* [Creat reachtach maidir le rialú na spásanna coiteanna sonraí Eorpacha],
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Aibreán 2020 dar teideal Treoir maidir le Feidhmchláir lena dtacaítear leis an gcomhrac in aghaidh phaindéim COVID-19 i ndáil le cosaint sonraí¹,
- ag féachaint do Mholadh (AE) 2020/518 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2020 maidir le bosca coiteann uirlisí de chuid an Aontais maidir le húsáid teicneolaíochta agus sonraí chun géarchéim an choróinvíris a chomhrac agus éalú uaithi, go háirithe maidir le feidhmchláir mhóibileacha agus úsáid sonraí soghluaisteachta anaithnide²,
- ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1024 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le sonraí oscailte, agus maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid³,
- ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 6 Meitheamh 2018 lena mbunaítear an Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027 (COM(2018)0434),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 dar teideal *Towards*

¹ IO C 124I, 17.4.2020, lch. 1

² IO L 114, 14.4.2020, lch. 7.

³ IO L 172, 26.6.2019, lch. 56.

a common European data space [I dtreo spás coiteann sonraí Eorpach] (COM(2018)0232) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2018)0125),

- ag féachaint do Mholadh (AE) 2018/790 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 maidir le rochtain ar fhaisnéis eolaíoch agus caomhnú na faisnéise sin⁴,
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2017 dar teideal *Mid-Term Review on the implementation of the Digital Single Market Strategy: A Connected Digital Single Market for All* [Athbhreithniú Meántearma ar chur chun feidhme na straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach: Margadh Aonair Digiteach Nasctha do Chách] (COM(2017)0228), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2017)0155),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2017 dar teideal *Building a European Data Economy* [Geilleagar Eorpach sonraí a chur ar bun] (COM(2017)0009), agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2017)0002),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 dar teideal *Connectivity for a Competitive Digital Single Market – towards a European Gigabit Society* [Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch – i dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin] (COM(2016)0587) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2016)0300),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 dar teideal *Digitising European Industry: Reaping the full benefits of a Digital Single Market* [Tionscal na hEorpa a Dhigitíú – Leas iomlán a bhaint as margadh aonair digiteach] (COM(2016)0180) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2016)0110),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2016 dar teideal *Communication from the Commission on European Cloud Initiative – Building a competitive data and knowledge economy in Europe* [Teachtairacht ón gCoimisiún maidir le Tionscnamh Eorpach Néalríomhaireachta - Geilleagar iomaíoch sonraí agus eolais a fhorbairt san Eoraip] (COM(2016)0178) agus do na doiciméid inmheánacha oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2016)0106) agus (SWD(2016)0107),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2015 dar teideal Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip (COM(2015)0192) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2015)0100),
- ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Iúil 2014 dar teideal *Towards a thriving data-driven economy* [I dTreo geilleagar sonraíbhunaithe a bheidh faoi bhláth] (COM(2014) 0442) agus don doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin lena ngabhann (SWD(2014) 0214),

⁴ IO L 134, 31.5.2018, lch. 12.

- ag féachaint do Threochlár Eorpach Comhpháirteach i dtreo bearta imshrianta COVID-19 a bhaint an 15 Aibreán 2020,
 - ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 9 Meitheamh 2020 maidir le Todhchaí dhigiteach na hEorpa a mhúnlú⁵,
 - ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 7 Meitheamh 2019 maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach,
 - ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac⁶,
 - ag féachaint dá rún an 12 Feabhra 2019 maidir le beartas tionsclaíoch cuimsitheach Eorpach i dtaca leis an intleacht shaorga (AI) agus an róbataic⁷,
 - ag féachaint dá rún an 1 Meitheamh 2017 maidir le tionsclaíocht na hEorpa a dhigitiú⁸,
 - ag féachaint dá rún an 10 Márta 2016 dar teideal I dTreo geilleagar sonraibhunaithe a bheidh faoi bhláth⁹,
 - ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal Geilleagar Eorpach sonraí a chur ar bun (TEN/630-EESC-2017),
 - ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh (A9-0000/2020),
- A. de bhrí i ngeall ar an digitiú go bhfuil athrú ó bhonn tagtha ar an ngeilleagar, ar an tsochaí agus ar shaol laethúil na saoránach, agus de bhrí go bhfuil sonraí, a dhéantar a mhéadú faoi dhó gach 18 mí, i gcroílár an athraithe sin;
- B. de bhrí gur acmhainn riachtanach don fhás eacnamaíoch, do chruthú post agus do dhul chun cinn na sochaí iad sonraí agus go bhfuil siad ina bpríomhchumasóir don aistriú chuig sochaithe glasa atá neodrach ó thaobh na haeráide de;
- C. de bhrí nach mór don Aontas gníomhaíocht a dhéanamh mar ábhar práinne chun go bhféadfar tairbhe a bhaint as sonraí trí shochaí sonraí a fhothú atá inbhuanaithe ó thaobh eitice de, atá dírithe ar an duine, atá iontaofa agus slán agus lena n-urramaítear cearta an duine agus an daonlathas;
- D. de bhrí gur cheart gach úsáid a bhaintear as sonraí pearsanta a bheith comhsheasmhach

⁵ IO C 202 I, 16.6.2020, lch. 1.

⁶ Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.

⁷ Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0081.

⁸ IO C 307, 30.8.2018, lch. 163.

⁹ IO C 50, 9.2.2018, lch. 50.

leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus leis an Treoir maidir le r-phríobháideacht;

- E. de bhrí gur cheart don Aontas a bheith ina ghníomhaí gníomhach domhanda maidir le rialacha a leagan síos bunaithe ar a luachanna;

Ginearálta

1. is díol sásaimh di an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘Straitéis Eorpach le haghaidh sonraí’; á chreidiúint gur réamhriachtanas an straitéis sin i dtaobh inmharthanacht thionscail na hEorpa agus inmharthanacht intleachta saorga nuaghinte, agus gur céim ríthábhachtach í i dtreo sochaí sonraí dhaonlathach, lena gcuirfear seirbhísí, fás agus poist níos fearr ar fáil;
2. ag tabhairt dá haire go léiríonn géarchéim COVID-19 ról na sonraí fíor-ama;

Luachanna agus prionsabail

3. á chreidiúint nach mór go mbeidh sé d’aidhm ag an Aontas a bheith ina shochaí shonraíbhunaithe atá dírithe ar an duine agus á rialú ag an Aontas, sochaí atá bunaithe ar iontaoibh agus ar luachanna an phríobháideachais, na trédhearcachta agus na gceart bunúsach;
4. ag tabhairt dá haire go dtéann sochaí sonraí dhea-thógtha chun tairbhe do chách, go ndéantar oibrithe a chumachtú in ionad a ndálaí oibre a ísliú, agus nach n-eascaíonn éagthroime ná bearnaí digiteacha aisti;
5. á chur i bhfíor gur foinse fáis agus nuálaíochta é go bhfuil méid, forbairt, stóráil agus próiseáil sonraí tionsclaíocha agus poiblí ag dul i méid san Aontas agus gur cheart leas a bhaint as; á chreidiúint go bhféadfar cur leis an bhfás sin trí chothroime iomaíochta agus trí gheilleagar margaidh láidir il-ghníomhaí cothrom;
6. á chur i bhfáth nach mór do straitéis sonraí an Aontais tacú leis an inbhuanaitheacht, leis an gComhaontú Glas agus le spriocanna aeráide an Aontais;

Rialachas sonraí agus spásanna

7. ag tacú le creat rialachais sonraí a chruthú le haghaidh spásanna coiteanna sonraí Eorpacha, lena gcumhdaítear idir-inoibritheacht, comhroinnt, rochtain agus inaistritheacht sonraí, chun feabhas a chur ar shreabhadh agus athúsáid sonraí tionsclaíocha agus poiblí;
8. á áitiú go ndéanfar an tsamhail rialachais sonraí a bhunú ar thimpeallacht dhílárithé oibriúcháin sonraí;
9. á iarraidh go gcuirfear ar bun comhlacht faoi stiúir an Choimisiúin a shocródh treoirlínte comhchoiteanna uile-Aontais maidir le rialachas sonraí; á iarraidh go ndéanfar ionadaíocht leormhaith do shaoránaigh, don tsochaí shibhialta agus do ghnólachtaí i dtaobh rialachas spásanna sonraí;
10. ag tathant ar an gCoimisiún spásanna sonraí idir-inoibritheacha earnálacha a thógáil a leanann treoirlínte comhchoiteanna chun a chinntiú nach mbeidh neamh-chomhthathú ann agus chun nuálaíochtaí trasearnálacha a chosc;

11. á mholadh don Choimisiún spásanna sonraí a úsáid chun iontaoibh a fheabhsú, comhchaighdeáin a chruthú agus comhéadain feidhmchlár (APIInna) dhea-fhoirmithe a fhorbairt, agus machnamh a dhéanamh ar bhoscaí gainimh réamhaontaithe a úsáid chun nuálaíochtaí a thástáil;
12. ag tabhairt dá haire go gcaithfear cabhrú le gníomhaithe san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí chun na sonraí atá ina seilbh acu a shainaithint agus a chatalógú agus chun so-aimsitheacht sonraí a mhéadú i spásanna sonraí breosla; á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a chistiú chun feabhas a chur ar sho-aimsitheacht meiteashonraí i spásanna sonraí;
13. is díol sásaimh di pleananna an Choimisiúin maidir le lipéadú/deimhniú idirghabhálaí chun éiceachórais agus margaí sonraí idir-inoibritheacha a chruthú;
14. á mheabhrú nach féidir sonraí pearsanta agus tionsclaíocha a dheighilt i gcónaí; ag tathant ar an gCoimisiún treoir agus cleachtais a shainiú maidir le tacair sonraí measctha a úsáid i dtimpeallachtaí tionsclaíocha agus rialacha príobháideachais maidir le sonraí pearsanta á ráthú ag an am céanna; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar spás sonraí pearsanta cothrománach agus trasearnálach a chruthú le hais spásanna sonraí eile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na dtacar sonraí measctha agus chun saoránaigh a chumhachtú, mar shampla, trí idirghabhálaithe iontaofa amhail oibreoirí MyData, ina stóráiltear sonraí le toiliú na n-úinéirí;

Gníomh sonraí, rochtain agus idir-inoibritheacht

15. ag tathant ar an gCoimisiún gníomh sonraí a chur i láthair chun sreabhadh méadaithe sonraí B2B, B2G, G2B agus G2G a spreagadh agus a chumasú i ngach earnáil;
16. á mholadh don Choimisiún scéimeanna deonacha comhroinnte sonraí a éascú;
17. ag tabhairt dá haire go bhfuil imthosca sonracha ann, amhail éagothroime chórasach i luachshlabhraí sonraí B2B, inar cheart rochtain ar shonraí a bheith éigeantach e.g. trí APIInna dea-fhoirmithe;
18. á iarraidh ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar chearta na ngníomhaithe rochtain a fháil ar shonraí a raibh baint acu lena nginiúint;
19. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dea-shampla a thabhairt agus seirbhísí fíor-ama a sholáthar mar aon le beartas atá bunaithe ar shonraí fíor-ama;
20. á iarraidh go mbainfear úsáid thánaisteach níos fearr as sonraí pearsanta anaithnide agus go n-úsáidfear iad níos minice, go háirithe i malartuithe G2B/G2G, chun borradh a chur faoin nuálaíocht, faoin taighde agus faoi sheirbhísí;
21. á chur i bhfáth i gcás sonraí arna mbailiú go poiblí gur gá soláthraí seirbhíse nó gaibhnithe teicneolaíochta a sheachaint; á iarraidh le próisis soláthair phoiblí agus le cláir chistiúcháin go n-áireofaí ceanglais maidir le rochtain sonraí agus idir-inoibritheacht;
22. á mheabhrú don Choimisiún agus do na Ballstáit cuspóirí na Treorach maidir le Sonraí Oscailte a urramú agus caibidlíocht á déanamh acu ar an ngníomh cur chun feidhme maidir le tacair sonraí ardluacha; á iarraidh leis na tacair sonraí sin go n-áireofaí *inter alia* liosta de chláir cuideachtaí agus ghnó;

Bonneagar

23. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, chun ceannasacht theicneolaíoch an Aontais a neartú, obair a dhéanamh ar theicneolaíochtaí lena n-éascaítear comhroinnt sonraí agus anailísíocht, agus infheistíocht a dhéanamh i bhfothú acmhainneachta agus i dtionscadail ardtionchair chun taighde, nuálaíocht agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn;
24. á mheabhrú go bhfuil rath straitéisí sonraí agus intleachta saorga an Aontais ag brath ar éiceachóras TFC i gcoitinne, an bhearna dhigiteach a dhúnadh, snáithín IoT a fhorbairt, 5G, 6G, ríomhaireacht chandamach, imeall-ríomhaireacht, ríomhaireacht bhlocshlabhra agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta a fhorbairt;
25. á iarraidh ar an gCoimisiún margaí iomaíocha a chur chun cinn chun tacú le forbairt tairiscintí néalríomhaireachta Eorpacha, e.g. Gaia-x;
26. á iarraidh ar an gCoimisiún ‘leabhar rialacha néalríomhaireachta’ a fhorbairt ina gcuirfear *inter alia* oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse an áit a bhfuil na sonraí stóráilte a nochtadh agus a áiritheoidh go mbeidh ceannasacht ag úsáideoirí ar a gcuid sonraí;
27. agus béim á leagan aici ar a thábhachtaí atá iontaoibh agus cibearshlándaíl do gheilleagar sonraí cobhsaí; ag tathant ar an gCoimisiún réitigh a chur i láthair a oireann do ghníomhaithe margaidh de gach méid;

Taighde, scileanna agus inniúlacht

28. ag aithint an acmhainneacht a bhaineann le rochtain sonraí chun dlús a chur le taighde eolaíoch; is díol sásaimh di an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir le comhroinnt sonraí le haghaidh taighde a chumasú;
29. á iarraidh ar an gCoimisiún innealtóireacht bogearraí, daoine inniúla TFC a mhealladh, mná a fhostú i dteicneolaíocht agus scileanna litearthachta sonraí do chách a chur chun cinn;
30. á iarraidh go gcuirfear cistiú poiblí agus príobháideach ar fáil d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide chun go bhféadfaidh siad lánairbhe a bhaint as acmhainneacht an gheilleagair sonraí;
31. á iarraidh ar na comhpháirtithe sóisialta féachaint ar acmhainneacht an digitithe, sonraí agus IS chun táirgiúlacht a mhéadú, folláine an lucht saothair a fheabhsú agus infheistiú in uasoiliúint;

Rialacha domhanda

32. á chreidiúint nach leor na rialacha domhanda lena rialaítear úsáid sonraí; á iarraidh ar an gCoimisiún oibriú le tríú tíortha atá ar aon intinn chun go bhféadfar teacht ar chomhaontú maidir le caighdeáin nua idirnáisiúnta chun úsáid teicneolaíochtaí nua, amhail IS, a rialú;
33. á iarraidh, nuair a dhéantar leasanna príobháideachais, slándála agus leasanna dlisteanacha eile den bheartas poiblí a chomhlíonadh, go mbeidh saorshreabhadh sonraí idir an tAontas agus tríú tíortha; á iarraidh ar an gCoimisiún rialacha nua a chaibidil don gheilleagar digiteach domhanda, lena n-áirítear toirmeasc ar cheanglais logánaithe sonraí gan údar;

o

o o

34. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

1. Cúlra agus breithnithe ginearálta

Déanfar athchruthú ó bhonn ar shaol agus sochaithe an lae inniu trí theicneolaíochtaí digiteacha atá ag athrú go pras, trí naisc shárthapa, agus tríd an méid ollmhór sonraí atá á dtáirgeadh ag na hacmhainneachtaí nua sin. Ar fud an domhain, déantar an méid iomlán sonraí a mhéadú faoi dhó gach 18 mí, rud a chruthaíonn féidearthachtaí nach féidir a shamhlú go fóill. Cé dó a rachaidh an treocht seo chun tairbhe? An gcruthóidh na sonraí deiseanna do gach uile cineál cuideachta, nó an mbeidh sonraí á gcomhchruinniú i lámha cúpla ollchuideachta teicneolaíochta? Amach anseo, an gcuirfidh na comhthiomsuithe nua sonraí le sochaí dhigiteach atá dírithe ar an duine agus an mbeidh smacht ag saoránaigh ar a gcuid sonraí? An mbeidh fáil ar na sonraí i ndáiríre chun seirbhísí poiblí a fheabhsú?

Le géarchéim COVID-19 atá ann faoi láthair, cuireadh béim bhreise ar an tábhacht a bhaineann leis an digitiú, an bonneagar digiteach, uirlisí agus scileanna. Is léir nach mór don Eoraip gach uirlis is féidir a úsáid chun cabhrú lena téarnamh. Ina theannta sin, is léir ón bpaindéim go bhféadfaidh cinntí beartais a bhunaítear ar staidreamh traidisiúnta a bheith go huile agus go hiomlán neamhéifeachtúil. Féadfaidh an cumas atá ag teacht chun cinn i dtaobh sonraí a bhailiú, agus iad a anailísiú agus a úsáid ar bhealach níos sofaisticiúla cabhrú le lucht déanta beartas dul i dtreo cinntí a dhéanamh bunaithe ar shonraí fíor-ama. Féadfaidh gur lú ualaí maorlathacha a bheidh i gceist le “seirbhísí fíor-ama” a fhorbairt, rud a shábhálfaidh am agus airgead, agus a chruthóidh deiseanna nua do shaoránaigh agus do chuideachtaí, go háirithe FBManna.

Is é an phríomhcheist an chúis nach bhfuil na sonraí ag bogadh ar fud na hEorpa faoi láthair. Creideann an Rapóirtéir gurb é an easpa tuisceana, iontaoibhe agus idir-inoibritheachta is cúis leis.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gur cheart féachaint ar an tuarascáil seo mar thúsphointe don phlé uileghabhálach a bheidh ag teastáil chun cur chuige Eorpach a fhorbairt i leith an gheilleagair sonraí. Tá an Rapóirtéir ag tnúth le hionchur earnála a fháil ó choistí eile de chuid Pharlaimint na hEorpa atá gníomhach maidir leis an ábhar sin.

Tá an Rapóirtéir den tuairim nach mór don Eoraip a conair féin a leagan síos i dtreo geilleagar agus sochaí sonraí, a bheidh bunaithe ar luachanna Eorpacha.

2. Príomh-shaincheisteanna agus seasamh an Rapóirtóra

2.1. Luachanna agus Prionsabail

Measann an Rapóirtéir nach mór é a bheith mar sprioc ag straitéis Eorpach um sonraí go mbeidh an geilleagar sonraí trédhearcach, iontaofa agus dírithe ar an duine – agus cearta an duine agus an daonlathas á n-urramú mar aon le deiseanna nua a chruthú do shaoránaigh a gcuid sonraí a úsáid agus leas a bhaint astu, ní chun go bhfeidhmeoidh na sonraí sin mar amháibhar amháin.

Tá an Rapóirtéir den tuairim freisin nár cheart go dtiocfadh méadú ar éagothroime shoचाíocho

nua leis an digitiú ná go mbeadh sé ina chúis léi. Ní mór an straitéis sonraí a chomhtháthú i straitéis thionsclaíoch níos leithne a chinntíonn inbhuanaitheacht shóisialta agus chomhshaoil. D'fhéadfadh cumhachtú oibríthe seachas sodar go grinneall a bheith mar thoradh ar shamhlacha nua oibre sa gheilleagar sonraí.

Cuireann an Rapóirtéir i bhfáth freisin go mbeidh ról suntasach ag an gcumas sonraí a bhailiú agus a phróiseáil chun cabhrú leis an Aontas a spriocanna aeráide a bhaint amach. Tugann an Rapóirtéir dá aire freisin, áfach, go meastar go bhfuil an lorg reatha comhshaoil ag earnáil TFC idir 5 % agus 9 % d'úsáid leictreachais iomlán an domhain agus níos mó ná 2 % de na hastaíochtaí uile, a bhfuil cuid mhór díobh mar thoradh ar ionaid sonraí, néalseirbhísí agus nascacht. Ní mór don Aontas bearta a dhéanamh chun trédhearcacht astaíochtaí CO₂, an cur amú is lú agus teicnící stórála sonraí glasa a chur chun cinn.

2.2. Rialachas sonraí agus spásanna

Chun go n-éireodh le comhroinnt sonraí ar fud an gheilleagair, measann an Rapóirtéir go bhfuil gá ag an Eoraip mar ábhar tosaíochta le creat reachtach maidir le rialachas na comhroinnnte sonraí. Aontaíonn an Rapóirtéir leis an gCoimisiún gur túsphointe maith iad na spásanna sonraí earnálacha chun muinín a chothú, caighdeáin idir-inoibrítheacha ar fud na hEorpa agus APIInna (comhéadain feidhmchláir) dea-fhoirmithe a bhunú a bhfuil rochtain mheaisín-inléite acu lena gcumasaítear sreabhadh sonraí ar fud an Aontais agus in eintitis éagsúla, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Mar sin féin, leagann an Rapóirtéir béim ar an tábhacht a bhaineann le comhroinnt sonraí trasearnála, rud atá riachtanach don nuálaíocht agus do chruthú luacha nua. Molann an Rapóirtéir go mór don Choimisiún spásanna sonraí Eorpacha a thógáil agus é mar sprioc dheiridh iontu comhroinnt rianúil sonraí a áirithiú, ní hamháin laistigh d'earnálacha ach ar fud na n-earnálacha.

Go bunúsach, tá géarghá fós ann go ndéanfaidh eagraíochtaí, gnólachtaí agus an earnáil phoiblí na sonraí atá acu a aithint agus a thuiscint ar bhealach níos fearr. Cuireann an Rapóirtéir béim ar an ngá atá le so-aimsitheacht meiteashonraí – an fhaisnéis faoi shonraí – i bhfoirm mheaisín-inléite.

Tacaíonn an Rapóirtéir le tionscnamh CE maidir le comhlacht rialachais a chruthú, faoi stiúir an Choimisiúin, chun a bheith ar thus cadhnaíochta agus an creat Eorpach sin maidir le rialachas sonraí á chur le chéile agus creideann sé gur cheart an tsamhail rialachais sonraí sin a bhunú ar thimpeallacht dhíláráithe oibríocháin sonraí.

Creideann an Rapóirtéir go mbeidh ról lárnach ag “idirghabhálaithe sonraí” i rialachas sonraí amach anseo sna héiceachórais sonraí, agus sonraí á n-aistriú idir gníomhaithe trí APIInna dea-fhoirmithe gan orthu na sonraí a phróiseáil iad féin. Is díol sásaimh don Rapóirtéir an tionscnamh ón gCoimisiún scéim nithiúil lipéadaithe/deimhniúcháin a chruthú do na hidirghabhálaithe sin. Ós amhlaidh atá, tacaíonn an Rapóirtéir freisin le tionscnaimh iontaoifa il-gheallsealbhóirí a fhorbairt, amhail oibreoirí MyData nó idirghabhálaithe freagracha eile sonraí.

Tá an Rapóirtéir den tuairim go mbeadh dul amú orainn gan ach sonraí tionsclaíocha “neamhphearsanta” amháin a phlé sa straitéis sonraí. Is dóchúil go mbíonn sonraí pearsanta

nó sonraí neamhphearsanta ag gabháil le tacair sonraí comhiomlánaithe agus go bhféadfaí sonraí pearsanta a bhaint astu nó sonraí pearsanta a ghiniúint nuair a chuirfear le sonraí eile iad. Áitíonn an Rapóirtéir nach féidir sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta a scaradh óna chéile i gcónaí, agus gur cheart don Choimisiún treoir agus cleachtais a shainiú tuilleadh maidir le cé mar is féidir tacair sonraí measctha a rialú agus a úsáid i dtimpeallachtaí tionsclaíocha freisin. Mura dtugtar aon aird ar an tsaincheist sin, fágfaidh sé sin go mbeidh líon ollmhór sonraí nach n-úsáidtear ag an Eoraip.

Ós amhlaidh atá, molann an Rapóirtéir don Choimisiún spás sonraí pearsanta cothrománach agus trasearnálach a chruthú taobh leis na spásanna sonraí earnálacha atá sainaitheanta cheana féin. Agus é tógtha go hiomlán ar chosaint sonraí agus ar phríobháideacht a urramú, d'fhéadfaí an spás sonraí pearsanta trasearnálach sin a úsáid chun saoránaigh a chumhachtú agus chun úsáid sonraí pearsanta a fheabhsú. Bheadh féidearthacht ann, go bhféadfadh gluaiseacht sonraí laistigh den spás sonraí tarlú trí idirghabhálaithe iontaofa, amhail oibreoirí MyData, ag bainistiú sonraí pearsanta le toiliú iomlán na ndaoine aonair.

2.3. Rochtain sonraí, idir-inoibritheacht, iniomparthacht agus úinéireacht sonraí: B2B, G2B, B2G, G2G

Comhroinnt sonraí B2B

Creideann an Rapóirtéir gur cheart gurbh é pointe tosaigh do chomhroinnt sonraí B2B tacú le comhroinnt sonraí dheonach agus í a chumasú. Mar sin féin, tá an Rapóirtéir den tuairim nach ann do chothrom na Féinne i saol digiteach an lae inniu. Tá deiseanna i bhfad níos fearr ag na hollchuideachtaí teicneolaíochta domhanda, ar cinn neamh-Eorpacha iad den chuid is mó, sonraí a úsáid agus, ar an mórgóir, ní bhíonn comhroinnt sonraí eatarthu féin ná idir cuideachtaí eile de dhíth orthu. Níl na hoibreoirí beaga ná na FBManna in ann dul i mbun caibidlíochta leo i ndáiríre. Is é sin an fáth a measann an Rapóirtéir gur gá don Eoraip rochtain sonraí éigeantach a rialú, nuair is gá, go háirithe maidir leis na slabhraí luacha agus na héiceachórais sonraí sin ina raibh baint ag oibreoirí níos lú le tacair sonraí a chruthú, ach nach bhfuil rochtain acu ar na sonraí cé go raibh siad rannpháirteach ina dtáirgeadh.

Comhroinnt sonraí G2B agus B2G

Cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gurb é an chéad chéim tacair sonraí poiblí a oscailt lena n-úsáid, obair atá tosaithe cheana féin ag an Aontas e.g. leis an Treoir maidir le Sonraí Oscailte. Mar sin féin, tá gá le gníomhaíocht bhreise. Ba cheart sonraí a bhailítear go poiblí a úsáid ar mhaithe leis an leas coiteann agus, ar deireadh, ar mhaithe le seirbhísí fíor-ama. Mar shampla, ní mór conarthaí soláthair phoiblí a cheapadh ar bhealach a chuirfidh cosc ar aon ghníomhaí poiblí a bheith spleách ar ghníomhaí príobháideach aonair. Chun úsáid níos fearr a bhaint as tacair sonraí poiblí, iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun úsáid thánaisteach na sonraí pearsanta anaithnide a fheabhsú.

Tugann an Rapóirtéir dá aire freisin, mar atá i gcás B2B, go bhfuil imthosca speisialta ann freisin inar gá comhroinnt sonraí B2G a bheith éigeantach ar mhaithe leis an leas coiteann.

I dtaca leis an ngníomh cur chun feidhme maidir le “tacair sonraí ardluacha” atá ar na bacáin, tá an rapóirtéir ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gan an bonn a bhaint de mheon na Treorach maidir le Sonraí Oscailte agus a áirithiú go n-áireofar ar thacair sonraí

ardluacha cláir cuideachtaí agus ghnó agus go ndéanfar gníomhaíocht leormhaith chun go mbeidh na tacair sin á gcur ar fáil i ndáiríre.

G2G

Tá tús curtha ag an Aontas cheana féin leis an gcomhar idir seirbhísí poiblí na mBallstát a fheabhsú, ach amach anseo beidh sé sin ag brath go mór mór ar shreabhadh leordhóthanach sonraí a chumasú. Creideann an Rapóirtéir gur cheart go mbeadh sé mar aidhm againn margadh inmheánach Eorpach a thógáil ina soláthraítear seirbhísí i bhfíor-am agus ina bhfuil an ceapadh beartais á threorú ag sonraí cuimsitheacha, atá ionadaíoch ó thaobh geografaíochta de, agus ag sonraí fíor-ama.

2.4. Bonneagar agus cibearshlándaíl

Gné amháin d'fhorbairt thodhchaí dhigiteach an Aontais Eorpaigh is ea an Straitéis Sonraí. Beidh rath na staitéise ag brath freisin ar staid reatha éiceachórais TFC i gcoitinne, amhail líonraí leathanbhanda, 5G, 6G, néalréitigh, IoT, ríomhaireacht chandamach, ríomhaireacht bhlocshlabhra agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta.

Maidir le soláthraithe néalseirbhísí, iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún sa “leabhar rialacha néalríomhaireachta” a bheidh ann oibleagáid a chur ar sholáthraithe seirbhíse an áit a bhfuil na sonraí á stóráil acu a thaispeáint. Ina theannta sin, creideann an Rapóirtéir nár cheart rochtain a bheith ag soláthraithe néalseirbhísí ar shonraí atá stóráilte ar a bhfreastalaithe, ach amháin má tá comhaontú ar leith ann idir na páirtithe.

Leagann an Rapóirtéir béim ar chibearshlándaíl láidir mar réamhriachtanas do gheilleagar cobhsaí sonraí. Ceist a bhaineann le neamhspleáchas digiteach na hEorpa is ea slándaíl agus iontaofacht líonra agus ní fhéadfaimis a bheith saonta faoi sin. Mar shampla, ba cheart cibearshlándaíl láidir a bheith ina ceanglas ar gach idirghabhálaí sonraí.

2.5. Oideachas, eolas agus inniúlacht

Meabhraíonn an Rapóirtéir go bhfuil an Eoraip ar cheann de na ceannairí domhanda i dtaighde agus i ngnólachtaí nuathionscanta cé go bhfuil dúshláin roimpi go ndéanfar cuideachtaí rathúla de na cumais sin. Dá bhrí sin, iarrann an Rapóirtéir go leagfaí béim Eorpach ar innealtóireacht bogearraí ardleibhéil, rud atá ríthábhachtach do chruthú luacha don earnáil sonraí agus chun daoine inniúla a mhealladh.

Ina theannta sin, iarrann an Rapóirtéir ar na comhpháirtithe sóisialta ar leibhéal an fhiontair agus ar leibhéal iomchuí eile an teicneolaíochta dhigiteach, na sonraí agus an intleacht shaorga a d'fhéadfadh a bheith ann a fhiosrú go réamhghníomhach chun táirgiúlacht an fhiontair agus folláine an lucht saothair a mhéadú agus iarrann sé orthu bearta leordhóthanacha a infheistiú le haghaidh uas-sciliú, athoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, ionas go bhféadfaidh oibrithe aistriú chuig poist nua nó oiriúnú do phoist athdheartha laistigh den fhiontar. Ba cheart don Choimisiún leanúint freisin den obair chun rannpháirtíocht na mban i dtionscal na teicneolaíochta a fhorhnuiniú.

Iarrann an Rapóirtéir ar an gCoimisiún infheistiocht a dhéanamh i gclaochlú na bhfiontar

traidisiúnta, go háirithe FBManna, go ré na sonraí.

2.6. Breithnithe idirnáisiúnta

Sa chomhthéacs domhanda, creideann an Rapóirtéir nach bhféadfaimid talamh slán a dhéanamh de go mbeidh cosaint sonraí, urraim a thabhairt do chearta an duine agus iomaíocht chothrom, i measc nithe eile, mar chuid de na treoirínte a bheidh againn maidir le forbairt eacnamaíoch shonraíbhunaithe. Measann an Rapóirtéir nach leor na rialacha domhanda lena rialaítear úsáid sonraí agus iarrann sé ar an Aontas rialacha bunúsacha nua a chomhaontú maidir leis an ngeilleagar domhanda sonraí le tíortha ar baill iad den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) atá rannpháirteach sa Chomhráiteas ar an tionscnamh maidir le ríomhthráchtáil agus i gcaibidlíocht dhéthaobhach trádála.

Tá sé tábhachtach go mbeidh saoránaigh, tomhaltóirí agus cuideachtaí Eorpacha in ann sonraí a aistriú chuig tríú tíortha agus uathu, le coimircí leordhóthanacha. Is é sin an t-aon slí chun fíoracmhainneacht an gheilleagair shonraíbhunaithe a bhaint amach.

Ba cheart don Aontas an obair a stiúradh i ndlúthchomhar le tríú tíortha atá ar aon intinn chun go bhféadfár teacht ar chomhaontú, i gcomhréir le luachanna agus leas an Aontais, maidir le caighdeán nua idirnáisiúnta chun úsáid teicneolaíochtaí nua amhail intleacht shaorga a rialú. Ina éagmais sin, tá an baol ann go mbeidh an margadh digiteach idirnáisiúnta, agus idirghníomhaíocht idirnáisiúnta na ndaoine, níos ilroinnte ná mar is gá.

ANNEX: LIST OF ENTITIES OR PERSONS FROM WHOM THE RAPPOREUR HAS RECEIVED INPUT

The following list is drawn up on a purely voluntary basis under the exclusive responsibility of the rapporteur. The rapporteur has received input from the following entities or persons in the preparation of the draft report:

Entity and/or person
A new governance
Aalto University
ACEA
Amazon
BEUC
Business Finland
CEPS
Digital Europe
EDIMA
ETLA
ETNO
European Commission
EuroCommerce
European Games Developer Federation
FEPS Europe
Finanssiala ry
Finnish Centre for AI
Finnish Confederation of Professionals
Finnish Innovation fund SITRA
Finnish Technology Industries
German Presidency of the Council
GSMA
Huawei
IBM
Italian National Innovation Fund
Ministry of Transportation and communications of Finland
Ministry of Finance of Finland; expert group on Artificial Intelligence and digitalisation
MyData Global
Nokia
Open Science Foundation
Open Data Institute
Permanent representation of Finland to the EU
Reaktor
SMEUnited
Swedish Transport Administration
University of Helsinki
University of Vaasa
Vodafone
Working group on Confederation Syndicate European Trade Union, Business Europe,

